# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2021/1796 ÓN gCOMHAIRLE

**an 28 Meán Fómhair 2021**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún arna bhunú leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh, a mhéid a bhaineann le cinnidh maidir leis an Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Thulán Grinnil Evlanov (NACES MPA) a bhunú agus le molta maidir le NACES MPA a bhainistiú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ([1]) ("an Coinbhinsiún"), a bhfuil an tAontas ina Pháirtí Conarthach ann, i bhfeidhm an 25 Márta 1998.

(2) De bhun Airteagal 10(3) den Choinbhinsiún, is féidir leis an gCoimisiún, a bunaíodh le hAirteagal 10(1) den Choinbhinsiún ("Coimisiún OSPAR"), cinntí agus moltaí a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 den Choinbhinsiún.

(3) Le linn an 24ú cruinniú a bheidh aige an 1 Deireadh Fómhair 2021, glacfaidh Coimisiún OSPAR cinneadh maidir leis an Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Thulán Grinnil Evlanov ("NACES MPA") a bhunú agus moladh maidir le NACES MPA a bhainistiú.

(4) Leis an gcinneadh atá beartaithe ag Coimisiún OSPAR, bunaítear NACES MPA agus léirítear a theorainneacha.

(5) Is é is aidhm don mholadh atá beartaithe ag Coimisiún OSPAR, páirtithe conarthacha a threorú ina gcuid gníomhaíochtaí agus i nglacadh beart, d'fhonn na cuspóirí caomhnaithe a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an moladh sin a bhaint amach.

(6) Tá dlúthnasc ann idir an dá ghníomh atá beartaithe ag Coimisiún OSPAR agus, dá bhrí sin, is iomchuí dóibh beirt a chumhdach leis an seasamh céanna ag an Aontas.

(7) Baineann na gníomhartha atá beartaithe le cosaint an chomhshaoil, ar inniúlacht chomhroinnte í idir an tAontas agus na Ballstáit faoi Airteagal 4(2), pointe (e), CFAE. Ní thagann na gníomhartha atá beartaithe faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha an Aontais maidir leis an gcosaint sin. Níl sé de rún ag an Aontas úsáid a bhaint as an bhféidearthacht a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear leis na gníomhartha sin nár feidhmíodh a inniúlacht go hinmheánach ina leith go fóill.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choimisiún OSPAR a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh atá le glacadh ag Coimisiún OSPAR ina cheangal ar an Aontas,

([1]) IO L 104, 3.4.1998, lch. 2.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 24ú cruinniú de Choimisiún OSPAR, tacú le cinneadh a ghlacadh maidir le bunú an Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Thulán Grinnil Evlanov, agus le moladh a ghlacadh maidir le bainistiú NACES MPA.

*Airteagal 2*

I bhfianaise forbairtí ag an 24ú cruinniú de Choimisiún OSPAR, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, comhaontú le mionchoigeartú ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

S. KUSTEC